



Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Tuarascáil Bhliantúil 2008/09

CLÁR ÁBHAIR

(Is é seo an cúigiú tuarascáil bhliantúil de chuid Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Cuimsítear sa tuarascáil seo an tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2008 go dtí 21 Lúnasa 2009)



1. Réamhrá

- 1.1 Ráiteas an Chathaoirligh**
- 1.2 Ráiteas an Uachtaráin**
- 1.3 Bunú na hInstitiúide**
- 1.4 Ráiteas Misin na hInstitiúide**



2. Rialachas

- 2.1 An Bord Rialaithe**
- 2.2 Foireann Sinsir**



3. Foireann Acadúil agus Gnóthaí Mac Léinn

- 3.1 An Chomhairle Acadúil**
- 3.2 Forbairtí Acadúla**
- 3.3 Cláir Cheadaithe**
- 3.4 Scrúdaitheoirí Seachtracha**
- 3.5 Staitisticí maidir le Mic Léinn**
- 3.6 Duaiseanna, Scoláireachtaí, agus Gnóthachtálacha na Mac Léinn**
- 3.7 Seirbhísí agus Áiseanna do Mhic Léinn**



4. Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha

- 4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha**
- 4.2 Naisc Sheachtracha Forbartha**
- 4.3 Forbairt an Champais**
- 4.4 Bainistíocht Sábháilteachta**



5. Pearsanra

5.1 Líon na mBall Foirne

5.2 Gnóthachtálacha Foirne

6. Tuarascáil Airgeadais

7. Comhionannas Deiseanna

Aquisín A.I

Achoimre ar Ráitis Airgeadais 2008/2009

1. Réamhrá

1.1 Ráiteas an Chathoirligh

Is mór agam an tuarascáil bhliantúil seo don bhliain acadúil 2008-2009 a chur i láthair.

Baineadh sprioc shuntasach amach i mbliana nuair a cuireadh Scoil Náisiúnta Bhaile na Manach lenár gcampas. Cuirimid fáilte rompu go dtí ár gcampas. Cuirimid fáilte roimh an bpáirc uile-aimsire nua chomh maith, rud a bheidh ina hacmhainn iontach do phobal Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin.

Is mian liom aitheantas a thabhairt d'obair, tacaíocht agus tiomantas bhaill eile an Bhoird Rialaithe le linn na bliana.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na baill foirne uile san Institiúid as a dtiomantas don Institiúid agus comhghairdeas a dhéanamh leo faoina ngnóthachtálacha uile. Is mian liom aitheantas a thabhairt don mhéid a rinne baill den Bhord Rialaithe le linn na tréimhse seo chomh maith.

1.2 Ráiteas an Uachtaráin

Is mór agam dul chun cinn suntasach a thaifeadadh le linn na tréimhse 2008/09 agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tiomantas agus tacaíocht a thug ár mbaill foirne agus na mic léinn dár ngnóthachtálacha. Is mian liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht fhiúntach a thug réimse leathan dár bpáirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne. Tá a dtacaíocht níos tábhachtaí ná riamh anois agus an cor chun donais eacnamaíoch ag dul i gcion ar an méid cistiúcháin atá ar fáil de réir mar théann an cúlú i bhfeidhm ar an ngeilleagar ina iomláine.

Tá an campas ar leibhéal nua anois agus an chéim reatha tógála agus tírdhreachta críochnaithe, go háirithe de bharr go bhfuil áiseanna imeartha ar fáil ar an gcampas don chéad uair ar an bpáirc uile-aimsire tuilsoilsiú. Tá obair i dtreo an chéad chéim eile den tionscadal a phleanáil faoi lánseol anois, lena n-áireofar Scoil Náisiúnta na Scannán agus trí fhoirgneamh eile, Foirgneamh Múinte na Meán Digiteach, Halla Ilchuspóireach agus Ceardlanna, a sholáthrófar faoi chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí mar a d'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta. Tá an gealltanais a thug an Rialtas go mbainfear na heochairtionscadail infreastruchtúir seo amach ag Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire ina údar misnigh dúinn.

Ar aon dul lenár sprioc straitéiseach i leith ról ceannaireachta a ghlacadh sna hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha, tá áthas an domhain orainn an chomhdháil 'Ag Cruthú na Todhchaí: Geilleagar Cultúrtha agus Cruthaitheach na

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

hÉireann a Fhorbairt.' Rinneadh tuilleadh forbartha ar na gnéithe idirnáisiúnta agus idirinstiúideacha dár gcuid oibre chomh maith, mar shampla, trí pháirt a ghlacadh i dtionscadail um nuáil straitéiseach cosúil leis an Tionscadal um Fhoghlaim Sholúbtha de chuid Institiúidí Teicneolaíochta Éireann agus Institiúid eicneolaíochta Átha Cliath agus leis an gComhaontas Ardoideachais Réigiún Bhaile Átha Cliath, rud a thugann na hinstitiúidí ardoideachais uile i mórcheantar Bhaile Átha Cliath le chéile, agus trí pháirt a ghlacadh i dtionscadail ar nós 'ENGAGE', atá maoinithe ag Clár Meán an AE, agus a nascann Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire le scoileanna scannán mór le rá i dtrí thír Eorpacha eile.

Tá ár nasc leis an Ionad Náisiúnta um Thaighde Digiteach níos tábhachtaí anois ná riamh roimhe chomh maith mar gheall ar gur baineadh cistiú amach do mhórhionscadal i gcomhpháirt leis. Chomh maith leis sin, d'éirigh lenár n-iarratas ar chiste taighde Fhiontraíocht Éireann, rud a bheidh ina údar misnigh dúinn uile agus a bheidh ina chúis le hardshaotharlann léirshamhlaithe nua a chur ar bun.

Cuirim an tuarascáil seo faoi do bhráid mar thaifead ar na gnóthachtálacha a baineadh amach le linn na bliana seo caite agus mar bhreac-chuntas ar na forbairtí straitéiseacha atá ar bun anois agus ar pheleananna i dtreo forbartha amach anseo.

1.3 Bunú na hInstitiúide

Dheonaigh an tAire Oideachais, Niamh Bhreathnach, T.D. stádas féinrialaitheach ar Choláiste Ealaíne agus Deartha Dhún Laoghaire, comhcholáiste de chuid Choiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire, de réir Achtanna na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992-1994 le héifeacht ó 1 Aibreán 1997. D'athraigh an Coláiste a ainm trí Ordú ón Aire go dtí Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire le héifeacht ó 8 Eanáir 1998.

1.4 Ráiteas Misin na hInstitiúide

Fís:

A Bheith ar thús cadhnaíochta na múinteoireachta, an taighde agus na nuálaíochta ag coinbhéirseacht na n-ealaíon, na teicneolaíochta agus an fhiontair, agus cur le forbairt na hÉireann mar gheilleagar cruthaitheach eolasbhunaithe.

Bunchuspóir:

Is é misean Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire an cháil atá uirthi a choimeád agus a fheabhsú mar an rogha coláiste inár limistéir speisialaithe. Bainfear é seo amach trí chláir ghairmiúla atá bainteach leis an tionsclaíocht, chomh maith le cur chuige nuálaíoch i leith na múinteoireachta, na foghlama agus an mheasúnaithe a chur ar fáil, agus trí thabhairt faoi thaighde, forbairt fiontair agus nuálaíochta.

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Léireoidh ár mic léinn agus ár mbaill foirne ilchineálacht na hÉireann nua agus beidh go leor daoine nach Éireannaigh iad ina measc. Beidh ár gcuid céimithe ar a lánchumas cur le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha. Agus borradh suntasach tagtha ar ár líon, beidh an Institiúid ina lárionad don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus beidh sí aitheanta mar pháirtí tábhachtach i bhforbairt beartas agus an tionscail, agus mar chomhpháirtí comhoibritheach don tionscal agus d'institiúidí ardoideachais eile.

2. Rialachas

2.1 An Bord Rialaithe

2.1.2 An Bord Rialaithe – amhail ar 31 Lúnasa, 2009

Ceapadh an ceathrú Bord Rialaithe d'Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire do thréimhse oifige cúig bliana ó 1 Aibreán 2006, ach amháin i gcás na mac léinn a cheaptar ar bhonn bliantúil. Bhuaill an Bord Rialaithe le chéile 10 n-uaire le linn na tréimhse 1 Meán Fómhair 2008 go dtí 31 Lúnasa 2009.

Is é seo a leanas ballraíocht an Bhoird Rialaithe:

An tUas. David Harvey (Cathaoirleach)

An tUas. Jim Devine (Uachtarán)

An Clr. Niamh Bhreathnach (Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire)

An Clr. Donal Marren (Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire)

An Clr. Jane Dillon Byrne (Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire)

An tUas. William Dockrell (Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire)

Mary Elliott (Coiste Gairmoideachais Chontae Átha Cliath)

Eleanor Roche (Coiste Gairmoideachais Chontae Chill Mhantáin)

An tUas. Joe Byrne (Comhdháil na gCeardchumann)

Jennifer Condon (Fiontraíocht Éireann)

Patricia McKenna (an Chomhairle Ealaíon)

Davitt Byrne (Ericsson)

Siobhán Bourke (Bord Scannán na hÉireann) [*arna ceaptha 21 Feabhra 2009*]*

An tUas. Keith Foran (Ball den Fhoireann Acadúil)

An Dr. Marion Palmer (Ball den Fhoireann Acadúil)

Katie Hendrick (Ball den Fhoireann Neamhacadúil) **

Mic Léinn atá ina mBall den Bhord Rialaithe (arna gceaptha ar bhonn bliantúil)

Ciara McIlraith [*1 Iúil 2008 go dtí 30 Meitheamh 2009*]

An tUas. Michael Goss [*1 Iúil 2008 go dtí 30 Meitheamh 2009*]

Anna Wallace [*1 Iúil 2009 go dtí 30 Meitheamh 2010*]

An tUas. Gavin Clarke [*1 Iúil 2009 go dtí 30 Meitheamh 2010*]

* a chuaigh i gcomharba ar an Uas. Simon Perry a d'éirigh as ar 9 Meán Fómhair 2008

** a d'éirigh as i mBealtaine 2009

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

2.2 Foireann Sinsir (amhail ar 31/08/09)

An tUachtarán	Jim Devine
An Cláráitheoir	Dr Annie Doona
Rúnaí/Rialtóir Airgeadais	Bernard Mullarkey
An Ceannasaí Foráis	An Dr. Marian O'Sullivan
Ceannasaí Scoil na nEalaíon Cruthaitheach	Seán Larkin
Ceannasaí Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha	Andrew Power
Ceannasaí Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí	An Dr. Josephine Browne
Ceannasaí Roinn na hEalaíne agus an Deartha	Liam Doona
Ceannasaí Roinn na Scannán agus na Meán	Kevin Rafter
Ceannasaí Roinn na nEolaíochtaí Foghlama	Marion Palmer
Ceannasaí Roinn na Teicneolaíochta	An Dr. Mark Riordan
Ceannasaí Roinn an Ghnó agus na Fiontraíochta	Therese Moylan
Ceannasaí Roinn na nDaonnachtaí	An Dr. Paula Gilligan
An Leabharlannaí	Deirdre Judge
An Bainisteoir Acmhainní Daonna	Kevin Browne
An Bainisteoir Teicneolaíochta Faisnéise	Colm Hennessy
Bainisteoir na nEastát agus na Saoráidí	Grace Weldon
An Bainisteoir Airgeadais	Conor Logan
An Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí Mac Léinn	David Doyle
An Bainisteoir Seirbhísí Seachtracha	Tony Niland <i>[a d'éirigh as 31 Lúnasa 2009]</i>
An Stiúrthóir Cruthaitheach, Scoil Náisiúnta na Scannán	Donald Taylor Black

3. Foireann Acadúil agus Gnóthaí Mac Léinn

3.1 An Chomhairle Acadúil

3.1.1 Tagann an Chomhairle Acadúil le chéile trí huairt ar a laghad sa bhliain agus is é an córam aon trian den bhallraíocht. Rith an Bord Rialaithe togra le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gComhairle Acadúil ar 19 Meitheamh 2006 agus cheadaigh an Bord Rialaithe an struchtúr nua ar 6 Meán Fómhair 2006. Ina theannta sin, ceadaíodh athruithe ar bhallraíocht na bhFochoistí éagsúla chomh maith.

3.1.2 Chuir an Chomhairle Acadúil na Fochoistí seo a leanas ar bun:

- An Fochoiste um Bailíochtú Clár (An Buanchoiste roimhe seo)
- An Fochoiste Pleanála Acadúla, Comhordaithe agus Athbhreithnithe
- An Fochoiste Taighde, Forbartha agus Idirchaidrimh Sheachtraigh
- An Fochoiste Leabharlainne, Faisnéise agus Acmhainní Foghlama
- An Fochoiste Disciplíneach
- An Fochoiste Achomharc

3.1.3 Is é seo a leanas ballraíocht na Comhairle Acadúla amhail an 31 Lúnasa 2009:

Comhaltaí de bhrí oifige

<u>Ainm</u>	<u>Teideal</u>
Jim Devine	An tUachtarán agus an Cathaoirleach
An Dr. Annie Doona	An Cláraitheoir
An Dr. Marian O'Sullivan	An Ceannasaí Foráis
An Dr. Josephine Browne	Ceannasaí Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí
Seán Larkin	Ceannasaí Scoil na nEalaíon Cruthaitheach
Andrew Power	Ceannasaí Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
David Doyle	An Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí Mac Léinn
Katie Mulvany	An tOifigeach Oideachais, Aontas na Mac Léinn

Comhaltaí Tofa

<u>Ainm</u>	<u>Teideal</u>
Anne Burke	Scoil na nEalaíon Cruthaitheach
Amanda Ralph	Scoil na nEalaíon Cruthaitheach
Pat Molloy	Scoil na nEalaíon Cruthaitheach
Steve Woods	Scoil na nEalaíon Cruthaitheach (freastal páirtaimseartha)
Conor Heagney	Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí
An Dr. Grainne Elmore	Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí
Francis McSwiggan	Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Comhaltaí Tofa (ar lean)

Ainm

Marion Palmer
Robert Griffin
Olivia Hurley
páirtaimseartha)
Ben Farrell
Tansy Cowley
Niamh Beirne

Teideal

Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha (freastal
Ionadaí d'Aontas na Mac Léinn
Ionadaí d'Aontas na Mac Léinn
Ionadaí d'Aontas na Mac Léinn

3.2. Forbairtí Acadúla

Cláir nua a bhí ceadaithe ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oilúna

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh i gcomhar an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Léiriúcháin)

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh i gcomhar an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Feistis)

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh i gcomhar an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Smididh)

3.3. Cláir Cheadaithe

3.3.1 Cláir Lánaimseartha – 2008/2009

Scoil na nEalaíon Cruthaitheach

Ardteastas sna hEalaíona i Smideadh i gcomhar na Scannán, na Teilifíse agus na hAmharclainne

Baitsiléir Ealaíon sa Dearadh i nDéanamh Samhaltán i gcomhar Scannán agus Meán

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i nDéanamh Samhaltán, Dearadh agus Maisíochtaí Digiteacha

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh Léiriúcháin agus Stiúradh Ealaíne

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Bheochan

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Ghrianghrafadóireacht

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh in Amharc-chumarsáid

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i gCleachtadh na nAmharcealaíon

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Léiriúchán i gcomhar Scannán agus Teilifíse

Máistir Ealaíon sa Scríbhneoireacht Scáileáin

Máistir Ealaíon i gCleachtadh na nAmharcealaíon

Máistir Ealaíon sa Leiriúchán Craolacháin (Raidió agus Teilifís)

Máistir Ealaíon sna hEalaíona Cruthaitheacha trí Thaighde

Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Ardteastas san Innealtóireacht i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc

Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Digiteach

Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc

Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheánach

Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheánacha agus Innealtóireacht i gcomhar an Ghréasáin

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheánacha agus Innealtóireacht i gcomhar an Ghréasáin (forlíonadh)

Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach

Máistir Ealaíon sna hEolaíochtaí Foghlama trí Thaighde

Máistir Eolaíochta sna hEolaíochtaí Foghlama trí Thaighde

Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí

Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht

Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht

Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht (forlíonadh)

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i Staidéar Béarla, Meán agus Cultúrtha

Máistir Ealaíon i Staidéar Chultúr an Phobail

Diplóma Iarchéime sa Ghnó i mBainistíocht Imeachtaí Cultúrtha

Máistir Ealaíon sna Daonnachtaí trí Thaighde

Máistir Ealaíon sa Ghnó agus san Fhiontraíocht trí Thaighde

Tá gach ceann de na cláir thuasluaite bailíochtaithe ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna

3.3.2 Cláir Pháirtaimseartha lena n-áirítear cláir faoin gCóras Bailithe Creidmheasa agus Teastasaithe Ábhar (CBCTÁ) – 2008/2009

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i gCleachtadh na nAmharcealaíon (modh CBCTÁ)

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i Staidéar Béarla, Meán agus Cultúrtha

Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht (modh CBCTÁ)

Máistir Ealaíon i gCleachtadh na nAmharcealaíon (modh CBCTÁ)

Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht

Máistir Ealaíon i Staidéar Chultúr an Phobail

Diplóma Iarchéime/Máistir/Máistir Eolaíochta sna Meáin Dhigiteacha

3.3.3 Cláir Nua a Cuireadh ar Fáil 2008/09

Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht

Máistir Ealaíon sa Leiriúchán Craolacháin (Raidió agus Teilifís)

Diplóma Iarchéime/Máistir/Máistir Eolaíochta sna Meáin Dhigiteacha

3.3.4 Teastas Nua Cáiliúcháin Shainchuspóirigh a cuireadh ar fáil 2008/09

Teastas sa Chibirshíceolaíocht

3.4. Scrúdaitheoirí Seachtracha

3.4.1 Bliain Acadúil 2008/2009

CLÁIR SA GHNÓ AGUS SNA DAONNACHTAÍ

Baitsiléir Gnó

An Dr. Denis Harrington
An tUas. Gerard Long
Margaret Dooner

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Staidéar Béarla, Meán agus Cultúrtha

An Dr. Patrick Matthews
An Dr. Ruth Barton
An tUas. Eamonn Maher

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon

Margaret Dooner
An tUas. Gerard Long
Caroline O'Sullivan
An tUas. Patrick Ryan

Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht

Margaret Dooner

Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht (*Forlíonadh 1 Bhliain*)

An Dr. Denis Harrington
Margaret Dooner
An tUas. Gerard Long

Bonnteastas

An Dr. Patrick Mathews

Máistir Ealaíon i Staidéar Chultúr an Phobail

An Dr. Stephanie McBride

Dioplóma Iarchéime sa Ghnó i mBainistíocht Imeachtaí Cultúrtha

An tUas. Patrick Ryan

Teastas sa Chibirshíceolaíocht (*Cáiliúchán Sainchuspóireach*)

Ellen Helsper

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

CLÁIR SNA TEICNEOLAÍOCHTAÍ CRUTHAITHEACHA

Ardteastas san Innealtóireacht i dTeicneolaíocht na Meán Ciosamhairc

An tUas. James Wright

Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheánach agus Innealtóireacht i gcomhar an Ghréasáin

An tUas. Thomas Dowling

Orla Flynn

Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheánach agus Innealtóireacht i gcomhar an Ghréasáin (Forlíonadh)

An tUas. Thomas Dowling

Orla Flynn

Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Digiteach

An tUas. James Wright

Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa tSíceolaíocht arna cur i bhFeidhm ar an Teicneolaíocht Faisnéise

An Dr. John McCarthy

An tOll. Judy Edworthy

Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheánacha agus Innealtóireacht i gcomhar an Ghréasáin

An tUas. Thomas Dowling

Orla Flynn

Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht

An Dr. John McCarthy

Ellen Helsper

CLÁIR SNA HEALAÍONA CRUTHAITHEACHA

Ardteastas sna hEalaíona i Smideadh i gcomhar na Scannán, na Teilifíse agus na hAmharclainne

An Dr. Stephanie McBride

Niamh O'Loan

Baitsiléir Ealaíon sa Dearadh i nDéanamh Samhaltán i gcomhar Scannán agus Meán

An tUas. David Burrows

An Dr. Patrick Brereton

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Léiriúchán i gcomhar Scannán agus Teilifíse

An Dr. Debbie Ging

Lynda Myles

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh Léiriúcháin agus Stiúradh Ealaíne

An Dr. Patrick Brereton
An tUas. David Burrows

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Bheochan

An Dr. Patrick Brereton
Joanna Quinn

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Ghrianghrafadóireacht

An tUas. Arnaud Claas
An Dr. David Bate

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh in Amharc-chumarsáid

An tUas. Tony Brook
Monika Parrinder

**Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i gCleachtadh na nAmharcealaíon
(Iánaimseartha agus modh CBCTÁ)**

An tOll. Anne Tallentire
An Dr. Gavin Murphy

Máistir Ealaíon sa Scríbhneoireacht Scáileáin

Kirsten Sheridan
An Dr. Ruth Barton

Máistir Ealaíon i gCleachtadh na nAmharcealaíon

An tOll. Terry Shave
Eleni Roula Markopoulos

Máistir Ealaíon sa Leiriúchán Craolacháin (Raidió agus Teilifís)

Máire Kearney
An Dr. Gavin Murphy

Dioplóma Iarchéime/Máistir/Máistir Eolaíochta sna Meáin Dhigiteacha

An tUas. Emmet O'Neill
An Dr. Patrick Brereton

3.5 Staitisticí maidir le Mic Léinn

3.5.1 Líon na Mac Léinn de réir Disciplín 2008/2009

Disciplín	An Chéad Bhliain	Blianta Eile	Iomlán
Ardteastas sna hEalaíona i Smideadh i gcomhar na Scannán, na Teilifíse agus na hAmharclainne	-	19	19
Ardteastas sa Teicneolaíocht i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc	-	24	24
Baitsiléir Ealaíon sa Dearadh i nDéanamh Samhaltán i gcomhar Scannán agus Meán	-	48	48
Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheánach	23	46	69
Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Digiteach	-	9	9
Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc	30	-	30
Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht	37	83	120
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh Léiriúcháin agus Stiúradh Ealaíne	-	13	13
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i nDéanamh Samhaltán, Dearadh agus Maisíochtaí Digiteacha	21	-	21
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Bheochan	26	73	99
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Ghrianghrafadóireacht	24	59	83
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh in Amharc-chumarsáid	26	81	107
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i gCleachtadh na nAmharcealaíon	46	136	182
Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Léiriúchán i gcomhar Scannán agus Teilifíse	30	87	117
Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa tSíceolaíocht	49	94	143
Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheánacha agus Innealtóireacht i gcomhar an Ghréasáin	20	14	34
Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheánacha (forlíonadh)	-	12	12
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Staidéar Béarla, Meán agus Cultúrtha	72	147	219
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon	57	116	173
Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht	34	25	59
Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht (forlíonadh)	-	17	17
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i Staidéar Béarla, Meán agus Cultúrtha (páirtaimseartha)	-	23	23
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i gCleachtadh na nAmharcealaíon (páirtaimseartha)	-	54	54


Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Disciplín	An Chéad Bhliain	Blianta Eile	Iomlán
Máistir Ealaíon sa Scríbhneoireacht Scáileáin (lánaimseartha)	-	11	11
Máistir Ealaíon i gCleachtaí na nAmharcealaíon (lánaimseartha agus páirtaimseartha)	-	52	52
Máistir Ealaíon i Staidéar Chultúr an Phobail (lánaimseartha agus páirtaimseartha)	-	18	18
Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht (páirtaimseartha)	-	28	28
Dioplóma Iarchéime sa Leiriúchán Craolacháin (Raidió agus Teilifís) (lánaimseartha)	-	20	20
Dioplóma Iarchéime/Máistir/Máistir Eolaíochta sna Meáin Dhigiteacha (páirtaimseartha)	-	10	10
Dioplóma Iarchéime sa Bhainistíocht Imeachtaí Cultúrtha (lánaimseartha)	-	12	12
Teastas sa Chibirshíceolaíocht (Cáiliúchán Sainchuspóireach - páirtaimseartha)	-	10	10
IOMLÁN	495	1341	1836

NB Ní chuirtear clárúcháin le haghaidh Máistrí ná Máistrí Eolaíochta trí Thaighde san áireamh sna figiúirí thuasluaite.


Líon na gClárúcháin Lánaimseartha de réir Leibhéal an Cháiliúcháin

LEIBHÉAL AN CHÁILIÚCHÁIN	FIR	MNÁ	IOMLÁN
Ardteastas	1	0	1
Gnáthcéim Bhaitsiléara	73	17	90
Céim Onóracha Bhaitsiléara	190	215	405




Líon Foriomlán na Mac Léinn Lánaimseartha de réir Leibhéal an Cháiliúcháin

LEIBHÉAL AN CHÁILIÚCHÁIN	FIR	MNÁ	IOMLÁN
Ardteastas	18	25	43
Gnáthcéim Bhaitsiléara	82	194	276
Céim Onóracha Bhaitsiléara	697	582	1279
Máistreacht/Diplóma Iarchéime	49	29	78




Líon Foriomlán na Mac Léinn Páirtaimseartha de réir Leibhéal an Cháiliúcháin

LEIBHÉAL AN CHÁILIÚCHÁIN	FIR	MNÁ	IOMLÁN
Céim Onóracha Bhaitsiléara	14	63	77
Máistreacht/Diplóma Iarchéime	27	46	73
Cáiliúcháin Shainchuspóireacha	5	5	10



Líon na gCéimithe in 2008/09 de réir Leibhéal an Cháiliúcháin *

LEIBHÉAL AN CHÁILIÚCHÁIN	FIR	MNÁ	IOMLÁN
Ardteastas	15	4	19
Gnáthcéim Bhaitsiléara	54	35	89
Céim Onóracha Bhaitsiléara	121	134	255
Máistreacht	12	26	38



* searmanais bhronnta céimeanna i Samhain 2008 agus Aibreán 2009

3.6 Duaiseanna, Scoláireachtaí, agus Gnóthachtálacha na Mac Léinn

3.6.1 Duaiseanna/Gnóthachtálacha na Mac Léinn – 2008/2009

Fishing for Change (Samhain 2008)

Is díolaim scríbhneoireachta cruthaithí é '*Fishing for Change*', a chuimsíonn obair roinnt mac léinn de chuid Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Bhí an díolaim eagraithe ag Katie Donovan (an Scríbhneoir Cónaithe 2007/2008) agus cuireadh os comhair an phobail ar 18 Samhain, 2008 í.

Gradaim Deloitte

Ag an searmanas bronnta céimeanna i Samhain 2008, bronnadh an Gradam Sármhaitheasa sa Staidéar Ginearálta ar Irene Powell (Teastas sa Staidéar Ginearálta). Bronnadh Gradam sa Staidéar Ginearálta ar Catherine Duggan mar gheall ar an iarracht a rinne sí.

Gradaim Bonn Óir Bhanc na hÉireann (Samhain 2008)

Bronnadh boinn óir ar na mic léinn seo a leanas ag an searmanas bronnta céimeanna in 2008:

- Karen Doyle (Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht)
- Blaithin McLoughlin (Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht)
- Mark Keane (Máistir Ealaíon i Staidéar Chultúr an Phobail)
- Elizabeth Murphy (Teastas sa Staidéar Ginearálta)
- David Bell (Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Staidéar Béarla, Meán agus Cultúrtha)
- Sophie Goulding (Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon)

Bronnadh Gradam Sármhaitheasa ar Sarah Cummins (Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Staidéar Béarla, Meán agus Cultúrtha)

Gradaim Premier Foods

Bronnadh Gradam i mBainistíocht Margaíochta Straitéisí ar Bhláithín McLoughlin (Baitsiléir Gnó (Onór.)) ag an searmanas bronnta céimeanna i Samhain 2008.

Gradaim Mac Léinn Bhord Fiontar Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Bronnadh gradaim ar na mic léinn seo a leanas ag an searmanas bronnta céimeanna in 2008:

- Richard O'Driscoll (Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht) don Phlean Gnó ab Fhearr
- Brian Drennan (Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht) don Phlean Gnó ab Fhearr
- Stephen Shannon (Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht) don Mharc ab Airde san Fhiontraíocht
- Elizabeth Murphy (Teastas sa Staidéar Ginearálta) dá Gnóthachtáil i Staidéar Gnó
- Rosy Bent (Baitsiléir Gnó (Onór.) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon) dá Gnóthachtáil i mBainistíocht Straitéiseach

Duais-sparántacht an Nuachtáin

Bronnadh Duais-sparántacht an Nuachtáin ar na mic léinn seo a leanas de chuid an Bhaitsiléara Ghnó san Fhiontraíocht ag an searmanas bronnta céimeanna in 2008:

- Karen Doyle, Laura Frankish, Mary Angeline O'Toole agus Alexander O'Sullivan

Gradaim Mhac Léinn na Bliana

Bronnadh Gradam Mhac Léinn na Bliana ar na mic léinn seo a leanas de chuid Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha ag an searmanas bronnta céimeanna i Samhain 2008:

- Shane O'Toole (Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheánacha)
- Ben Senior (Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheánach)
- Niamh Hanrahan (Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa tSíceolaíocht arna cur i bhFeidhm ar an Teicneolaíocht Faisnéise)
- Patrick Nethercott (Ardteastas san Innealtóireacht i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc)
- Dara Parkes-Kenna (Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Digiteach)

Gradam Lárionad Oideachais na Carraige Duibhe (Samhain 2008)

Bronnadh Gradam Thionscadal Mac Léinn na Bliana (arna hurrú ag Lárionad Oideachais na Carraige Duibhe) ar Simon Darcy (Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheánacha) ag an searmanas bronnta céimeanna in 2007.

Gradaim Chumann Ríoga na Teilifíse (Feabhra 2009)

- Bronnadh an Gradam Beochana Fochéimí ar Eamonn O'Neill dá shaothar dar teideal '*My Day*'.
- Bronnadh an Gradam Dramaíochta Fochéimí ar Robert Mason dá shaothar dar teideal '*Time Passing*'.

Gradaim Chumann Scannán agus Teilifíse na hÉireann (Feabhra 2009)

- Bronnadh an Gradam Stiúrthóra Teilifíse ar Chiaran Donnelly dá chuid oibre ar '*The Tudors*'.
- Bronnadh an Gradam Smididh ar Sharon Doyle dá cuid oibre ar '*The Tudors*'.
- Bronnadh an Gradam Clár Faisnéise Aonair ar Maurice Sweeney dá cuid oibre ar '*Cromwell in Ireland*'.

59^ú Féile Idirnáisiúnta Scannán Bheirlín (Feabhra 2009)

Bhuaigh David O'Reilly (céimí sa bheochan) 'Gradam an Bhéir Óir' don Ghearrscannán Idirnáisiúnta ab Fhearr dá shaothar dar teideal '*Please Say Something*'.

Gradaim 'Empire' (Márta 2009)

Bhronn stiúrthóir 'This is England', Shane Meadows, Gradam 'Empire' (irisleabhar) ar Chonal O'Meara (3ú Bliain, Léiriúchán i gcomhar Scannán agus Teilifíse) ag

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Teach Grosvenor i Londain ar 21 Márta 2009. Bhuaigh sé agus a chomhstiúrthóir, Stephen Power, Gradam 'Déanta faoi bhun 60 Soicind' d'athdhéanamh 1 nóiméad 'Jerry Maguire'.

Gradaim DARE2BDRINKAWARE

Bhuaigh an scannán '*On the Cutting Room Floor*' de chuid Ian Hunt Duffy, Evan Barry, Richard Boland, Simon Doyle agus Kevin Herlihy (Mic Léinn i Léiriúchán i gcomhar Scannán agus Teilifíse) an Scannán ab Fhearr ar an Iomlán, an eagarthóireacht ab fhearr, an chineamatagrafaíocht ab fhearr, an insint ab fhearr agus léamh cruthaitheach ab fhearr ar rialacha an chomórtais. Bhí sé mar aidhm ag an gcomórtas seo béim a leagan ar dhearccháí na hóige i leith an alcóil: baineann na mic léinn úsáid as na meáin dhigiteacha chun a scéalta a insint agus a gcuid comhpháirtithe a chur ar an eolas faoi ólachán freagrach. Fuair ár n-iarracht '*On the Cutting Room Floor*' an lámh in uachtar ar ní ba mhó ná 100 iarracht eile ó fud fad na hÉireann. (Aibreán 2009)

An Clár um Léiritheoirí ag Gluaiseacht, Féile Scannán Cannes

Roghnaíodh céimí de chuid Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, Andrew Freedman (Venom Films), mar an rannpháirtí Éireannach sa 'Chlár um Léiritheoirí ag Gluaiseacht' ag Féile Scannán Cannes in 2009. (Bealtaine 2009)

Gradam Fhéile Gearrscannán Charraig Aonair (Bealtaine 2009)

- Bhuaigh Paul O'Brien (céimí sa bheochan) an Gradam don Scannán Beoite/Turgnamhach ab Fhearr do scannán a rinne sé dá chéim dar teideal '*Tomato Soup*'.
- Bronnadh Gradam Rogha na Féile ar Vincent Gallagher (céimí de chuid Scoil Náisiúnta na Scannán) dá shaothar 'an Cosc'.

Fleadh Scannán na Gaillimhe (Iúil 2009)

- Bhuaigh Orla Hardy (céimí in 2007) an Gradam don Bheochan ab Fhearr don scannán a chomhstiúir sí dar teideal '*The Polish Language*'.
- Fuair Eamonn O'Neill (céimí in 2009) moladh onórach i dtaca le '*On the Quiet*' a stiúradh.
- Fuair Mark Mullery (céimí in 2009) moladh onórach i dtaca le '*The Office Environment*' a stiúradh.

Gradam Ghild Stiúrthóirí Scáileáin na hÉireann

Roghnaíodh gnéchlár faisnéise a bhí stiúrtha ag Ken Wardrop (céimí) agus léirithe ag Andrew Freedman (céimí) dar teideal 'His and Hers' mar bhuaiteoir na Sraithe Aimsithe Stiúrthóirí a bhí réachtáilte ag Gild Stiúrthóirí Scáileáin na hÉireann. Cuirfear a scannán ar taispeáint ag Gild Stiúrthóirí Mheiriceá, Los Angeles, i Lúnasa 2009.

3.7 Seirbhísí agus Áiseanna do Mhic Léinn

3.7.1 An Coiste um Sheirbhísí do Mhic Léinn (CSML)

Bunaíodh Coiste Sheirbhísí na Mac Léinn (CSML), le comhbhallraíocht idir mic léinn agus baill foirne, i nDeireadh Fómhair 1998 chun cláir agus seirbhísí éagsúla a phleanáil, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm atá ceaptha d'fhonn deis a thabhairt do mhic léinn a lánchumas acadúil agus pearsanta a bhaint amach. Tá an Coiste maoinithe ag an muirear bliantúil caipitíochta mac léinn agus tugann sé tacaíocht do na seirbhísí seo a leanas go hiomlán nó go páirteach:

- Seirbhís Liachta (Dochtúir agus Altra)
- Seirbhís Chomhairleoireachta
- Seirbhís Ghairmthreorach
- Oifigeach Spórt agus Áineasa
- Ceardlanna Scríbhneoireachta agus Scileanna Taighde
- Aontas na Mac Léinn
- Clubanna agus Cumainn

Chomh maith leis na seirbhísí thuasluaite, reáchtálann an Coiste ciste lánrognach chun cúnamh a thabhairt do mhic léinn a bhfuil deacrachtaí airgeadais orthu. Déantar plé le gach iarratas faoi rún daingean.

Gach bliain, cuireann seirbhísí de chuid Choiste Sheirbhísí na Mac Léinn tuarascáil bhliantúil le chéile a dhéanann cur síos ar a ngníomhaíochtaí le linn na bliana. Tugtar breac-chuntas ar eochairphointí na dtuarascálacha sin thíos:

An Oifig Rochtana:

- Cuireann an Oifig Rochtana tacaíocht ar fáil do na grúpaí seo a leanas:
 - foghlaimeoirí aosacha
 - mic léinn faoi mhíchumas
 - lucht fágála scoile faoi mhíbhuntáiste sóisialta
 - mionlaigh eitneacha / daoine den lucht siúil
 - tuismitheoirí aonair
 - tionscnaimh phobail.
- B'ionann an leithdháileadh do Chiste Cúnaimh na Mac Léinn in 2008/2009 agus €55,000 - laghdú ar an leithdháileadh in 2007/2008.
- Bhí méadú ar líon na mac léinn a d'fhógair go raibh siad faoi mhíchumas ó 94 in 2007/2008 go dtí 113 in 2008/2009.
- Bhí Straitéis Rochtana d'Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire seolta ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin, T.D. ar 3 Márta, 2009.

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

- Léiríonn Plean Gníomhaíochta 2008-2013 de chuid na hOifige Náisiúnta Rochtana (an tÚdarás um Ard-Oideachas) an gá atá ann le beart agus infheistiócht a dhéanamh ar fud fad an chórais oideachais. Sheol an tAire Oideachais agus Eolaíochta an plean i Meitheamh 2008.
- Bhuail an Mheitheal Oibre Rochtana le chéile 6 uaire i gcaitheamh na bliana, agus chuir siad réimse leathan saincheisteanna faoi chaibidil i dtaca le rochtain do mhic léinn.
- Leanadh ar aghaidh leis an obair i leith nasc a chur ar bun le scoileanna áitiúla in 2008/2009 agus d'fhreastail 36 daltaí ó scoileanna áitiúla ar chlár ar an gcampas.
- Bronnadh €167,852 de thoradh ar iarratas a rinne Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire ar Thionscnamh na gCuntas Díomhain, Sraith 1 chun trí thionscnamh rochtana a mhaoiniú - Tacaíochtaí réamhiontrála na Scéime um Chomhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (DEIS), Tionscadal For-rochtana don Lucht Siúil agus Tionscadal Coinneála. Rinneadh iarratas ar Shraith 2 den tionscnamh seo i dtaca le trí tionscadal eile in Aibreán 2009.
- Leanadh den chomhoibriú idir an Oifig um Scannáin i Scoileanna agus an Oifig Rochtana ar thionscnaimh rochtana, ar nós Lárionad Pobail na Meán Digiteach (LPMĐ). Bhí an tionscadal seo, arna mhaoiniú ag Tionscnamh na gCuntas Díomhain, seolta ag an Aire Stáit ag an Roinn Sláinte agus Leanaí, Barry Andrews, T.D. i mBealtaine 2009.
- Lean an Oifig Rochtana ar aghaidh ag cur nasc ar bun le grúpaí áitiúla pobail, lena n-áiríodh Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath, an Oifig Oideachas Aosaigh - Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire, Seirbhísí Carmona, an Rannóg um Chuimsiú Sóisialta, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, agus an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas, an tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach, Dún Laoghaire.
- B'ionann an leithdháileadh don Chiste do Mhic Léinn atá faoi Míchumas in 2008/09 agus €166,186 - laghdú ar an leithdháileadh in 2007/2008. Is é seo a leanas miondealú ar na hiarratais a rinneadh ar thacaíocht ón giste seo:

Iarratasóirí céaduaire	€ 44,661
Iarratasóirí déanacha	€ 24,090
Iarratasóirí athnuachana (2a - 4ú Bliain)	€ 97,435
IOMLÁN	€166,186

Teicneolaíocht Chúnta:

- Thug an tSeirbhís um Theicneolaíocht Chúnta tacaíocht do bhreis is 100 mac léinn in 2008/2009 trí úsáid a bhaint as réimse leathan teicneolaíochtaí, ar nós ríomhairí glúine agus bogearraí tiomnaithe teicneolaíochta cúnta.

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

- I measc na dTeicneolaíochtaí Cúnta as a mbaintear úsáid de ghnáth, tá:
 - Crua-earraí – Ríomhairí glúine, Foclóir agus stórchiste leictreonach, Scanóirí chun téacs a choigeartú ina théacs leictreonach agus Deachtafóin
 - Bogearraí – Read and Write Gold 8 (bogearra cúnta litearthachta), Dragon Naturally Speaking 10 (bogearra deachtaithe guth chuig téacs), Inspirations nó Mindmanager (bogearra mapála aigne) agus úsáideadh MS Word lena chuid gnéithe rochtana.
- Cuireadh oiliúint in úsáid na teicneolaíochta cúnta ar fáil do mhic léinn, rud a áiríodh seimineár oiliúna. I measc na seimineár oiliúna a cuireadh ar fáil, bhí Read and Write Gold agus Dragon Naturally Speaking, agus d'fhreastail slua mhór orthu. De dheasca nach raibh an cistiú leithdháilte go tráthúil, áfach, bhí sé riachtanach leibhéal ní b'airde oiliúna duine le duine a chur ar fáil d'iaratasóirí céaduaire.
- D'fhonn tacú leis an oiliúint do mhic léinn, cuireadh Pleananna Gníomhaíochta Mic Léinn (PGMLanna) i bhfeidhm do mhic léinn. Glacadh leis na PGMLanna go han-mhaith agus tá sé beartaithe go leanfar ar aghaidh leo sa bhliain amach romhainn.
- Soláthar na Teicneolaíochta Cúnta - baintear úsáid as ceadúnais suímh agus as Scéim Lascaine Bogearraí Oideachasúla CHEST ar aon d'fhonn an luach is fearr ar airgead a bhaint amach agus bogearraí á gceannach againn.

An tSeirbhís Chomhairleoireachta Tuarascáil Bhliantúil:

- Chuaigh thart ar 8.4% de na mic léinn cláiriathe i dteagmháil leis an tseirbhís go díreach maidir le túschoinne, agus as an méid sin, bhain 6.7% leas díreach as an tSeirbhís Chomhairleoireachta.
- Bhain 111 mac léinn leas as conradh síciteiripeach – méadú socair ar líon na n-atreoruithe mic léinn.
- Tharla 511 comhairle dhíreach le mic léinn le linn an téarma acadúil a mhair idir 30 nóiméad agus 2 uair an chloig.

An tSeirbhís Altranais Tuarascáil Bhliantúil:

- Tá Ionad Sláinte na Mac Léinn ar an bhfód le 10 bliain anuas, agus cúram leighis agus altranais á chur ar fáil ar an gcampas do mhic léinn chláraithe de chuid Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire.
- Déileáiltear le cásanna éigeandála de réir mar a éiríonn siad, agus féadtar coinní neamhphráinneacha a dhéanamh laistigh de 1-3 lá de ghnáth. Tá feidhm ag táille €10 ar chomhairlí leis an liachleachtóir ginearálta, ach níl aon táille i gceist le comhairlí leis an altra.

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

- Tharla 2,984 comhairle le mic léinn ar an iomlán le linn bhliain acadúil 2008/2009, 843 acu a bhí fireann agus 2,141 a bhí baineann. Méadaíodh céatadán na gcomhairlí le fir ó 27.34% in 2007/2008 go dtí 28.25% in 2008/2009. Bhí an t-éileamh ba mhó ar an tseirbhís i bhFeabhra agus Márta 2009.
- Rinneadh na saincheisteanna a bhí ba thábhachtaí do mhic léinn a shainathint, ina measc bhí pleanáil clainne, scagthástáil sláinte ghnéis, agus dúlagar/fadhbanna meabhairshláinte agus riochtaí ainsealacha a dhiagnóisiú.

An tSeirbhís Scríbhneoireachta agus Taighde Tuarascáil Bhliantúil:

Léiríonn soláthar na Seirbhíse Scríbhneoireachta agus Taighde feasacht na hInstitiúide ar na riachtanais éagsúla atá ann i measc na mac léinn, ar an mbeartas cuimsithe do na mic léinn uile, mic léinn a bhfuil Saindeacracht Foghlama (SDF) orthu san áireamh, agus ar na dualgais reachtúla atá ann ó thaobh freastal ar a riachtanais agus ar theidlíochtaí mac léinn. Oibríonn an tSeirbhís ar roinnt leibhéal éagsúil ar fud na hInstitiúide d'fhonn réimse cuimsitheach de thacaíochtaí a chur ar fáil do mhic léinn, lena n-áirítear Measúnú Riachtanas, tacú le hiarratais ar chistiú, comhréitigh i dtaca le scrúduithe, dul i dteagmháil le ceannasaithe roinne, comhordaitheoirí cúrsa agus léachtóirí maidir le deacrachtaí atá ag mic léinn.

- Is iad cuspóirí na Seirbhíse ná cabhair a thabhairt do mhic léinn chun a lánchumas a bhaint amach, éileamh ar acmhainní foirne a laghdú agus a chinntiú go mbaintear caighdeáin riachtanacha na gcúrsaí amach. Baintear é seo amach trí sheimineáir maidir le hábhair is cúram do mhic léinn a reáchtáil, ranganna teagaisc duine le duine a shocrú d'fhonn dul i ngleic le deacrachtaí mac léinn aonair, agus áiseanna tacaíochta a chur ar fáil do mhic léinn a bhfuil Saindeacrachtaí Foghlama/Dislécise orthu. Chomh maith leis an méid sin thuas, tá comhordaitheoir na Seirbhíse ina 'measúnóir riachtanas' cáilithe anois, rud a chiallaíonn go bhfuil sé in ann an cháipéisíocht anailíse ar riachtanais a chomhlánú do mhic léinn atá ag déanamh iarratais ar an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas.
- Fairsingíodh soláthar na Seirbhíse i mbliana go dtí 5 lá in aghaidh na seachtaine, chomh maith le haon seisiún tráthnóna – is mar gheall ar an athrú seo go raibh an tSeirbhís in ann freastal ar líon méadaithe na mac léinn a bhí ag lorg tacaíochta na Seirbhíse.
- I measc na seimineár a reáchtáladh, bhí breacadh nótaí, teicnící léitheoireachta, scríobh aistí, stíl acadúil tagairtí, scileanna taighde, bainistíocht ama, pleanáil tráchtas, leagan amach spriocanna, spriocdhátaí, teicnící i gcomhar scrúduithe, scileanna láithreoireachta, agus seimineáir a bhain le cúrsaí ar leith.
- Sa mhullach ar an tacaíocht speisialta, cuireann an tSeirbhís seirbhís scagthástála ar fáil, ar atreorú ón bhfoireann, d'fhonn na deacrachtaí atá ar mhac léinn a mheas. Tá measúnú iomlán ó shíceolaí oideachasúil ag teastáil go fóill chun Dislécise/Saindeacracht Foghlama a dhiagnóisiú.

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

- Oibríonn an tSeirbhís as lámh a chéile leis an Oifigeach Rochtana chun a chinntiú go mbaintear leas as gach cistiú agus tacaíocht atá ar fáil ó Chistiú Seachtrach agus ó Chiste Sóisialta Eorpach na hOifige Náisiúnta Rochtana. Cé go bhfuair 96% de na mic léinn cistiú tríd an Oifig Náisiúnta Rochtana, bhí laghdú suntasach ar an méid cistithe a bronnadh ar dhaoine aonair.
- Bíonn an tSeirbhís i dteagmháil leanúnach le gníomhaireachtaí seachtracha, ar nós an Chumainn um Rochtain ar an Ardoideachas agus Míchumas, na hOifige Náisiúnta Rochtana agus Chumann Disléicse na hÉireann.
- Chláraigh 97 mac léinn a raibh Saindeacrachtaí Foghlama orthu leis an tSeirbhís in 2008/2009. B'ionann an líon seo agus méadú de 28% ar an líon in 2007/2008, tráth ar chláraigh 76 mac léin leis an tSeirbhís.
- Leagann figiúirí a chuir Coimisiún na Scrúduithe Stáit os comhair an phobail béim ar an méadú bliain ar bhliain ar líon na mac léinn atá faoi mhíchumas a sheasann an Ardteistiméireacht. Beidh an méadú leantach dóchúil ar líon na mac léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil Saindeacrachtaí Foghlama orthu a bheidh ag iontráil san Ardoideachas ina chúis le himpleachtaí soiléire acmhainne don Institiúid.

An tSeirbhís Ghairmthreorach: Tuarascáil Bhliantúil:

- I measc na hoibre a dhéanann an tSeirbhís Ghairmthreorach, tá cruinnithe duine le duine le mic léinn, fiosrúcháin ó mhic léinn, cuairteanna ar sheomraí ranga agus láithreoireachtaí maidir le gairmeacha beatha, an Clár um Oideachas Gairmeacha Beatha – láithreoireachtaí ag am lóin agus aoichainteoirí, teagmháil le fostóirí, lena n-áirítear mic léinn agus céimithe a chur ar an eolas faoi dheiseanna fostaíochta, Taispeántais Ghairmeacha Beatha do Chéimithe, bunachar sonraí a fhorbairt chun teagmháil idir céimithe agus fostóirí a éascú, suirbhéanna faoi cheannphointí céimithe
- Laghdaíodh líon na gcoinní gairmthreorach duine le duine 10.24% go dtí 183 don bhliain, agus rinneadh plé le roghanna clár/ábhar, tarraingt siar ó chlár, iarchur clár, dul chun cinn ó Leibhéal 7 go dtí Leibhéal 8, staidéar iarchéime, straitéisí cuardaigh poist, obair/taisteal thar lear, CV agus iarratais, agallaimh, taithe oibre, obair páirtaimseartha/samhraidh agus scoláireachtaí.
- Fuarthas 140 ceist tríd an ríomhphost i gcaitheamh na bliana – tá líon méadaitheach ceisteanna á fhreagairt tríd an bhfón agus tríd an ríomhphost.
- Leanadh ar aghaidh ag cur iomrá na Seirbhíse Ghairmthreorach chun cinn laistigh den Institiúid tríd an tseirbhís a chur in iúl do mhic léinn trí chuairteanna ar sheomraí ranga, ar shuíomh Idirlín Aontas na Mac Léinn, sa lámhleabhar 'the future is Bright' agus ar Blackboard (VLE).
- Cuireadh mic léinn ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí na Seirbhíse Ghairmthreorach ar na bealaí seo a leanas:
 - Suíomh Idirlín Aontas na Mac Léinn (an clár post go háirithe)

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

- Bunachar sonraí na Seirbhíse Gairmthreorach
- Blackboard VLE – tá Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí tar éis fillteán tiomnaithe a chur ar bun le haghaidh fógraí laistigh dá láthair ar Blackboard – táthar ag súil go gcuirfear fillteáin chosúla ar bun do Scoil na nEalaíon Cruthaitheach agus Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha sa bhliain amach romhainn.
- Cláir fógraí ar fud na hInstitiúide
- Clár Ionduchtúcháin do Mhic Léinn na Chéad Bhliana
- Eagraíonn an Clár um Oideachas Gairmthreorach léachtaí agus láithreoireachtaí díreacha do ghrúpaí ranga (blianta bronnta céime) ag am lóin - lena n-áirítear láithreoireachtaí maidir le Pleanáil Gairme, Taighde Iarchéime, agus Roghanna agus Gairmeacha Beatha Acmhainní agus Tacaíocht tar éis an Institiúid a fhágáil. I measc na láithreoireachtaí a thug aoichainteoirí, bhí láithreoireachtaí maidir le hObair Thar Lear agus Oiliúint Múinteoirí.
- Tá obair ar bun ar bhonn leanúnach chun forbairt a dhéanamh ar an mBunachar Sonraí de Chéimithe agus d'Fhostóirí atá ag an tSeirbhís Ghairmthreorach d'fhonn teagmháil idir céimithe agus fostóirí a éascú.
- Tugadh faoin Suirbhé ar Cheannphointí Chéimithe 2007 in 2008. Fuarthas sonraí úsáideacha de thoradh ar an suirbhé seo agus leanfar ar aghaidh leis an suirbhé as seo amach.

3.7.2 Aontas na Mac Léinn

Bunaíodh Aontas na Mac Léinn san Institiúid i Samhain 1998 chun ionadaíocht a dhéanamh do leas na mac léinn agus iad ag déileáil le húdarais na hInstitiúide, agus d'fhonn cur le saol sóisialta agus cultúrtha na mac léinn ar an gcampas. Tá Aontas na Mac Léinn cleamhnaithe le hAontas na Mac Léinn in Éirinn. Ba iad Ciara McIlraith agus David Edwards an tUachtarán agus an Leas-Uachtarán faoi seach do bhliain acadúil 2008/09.

4. Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha

4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha

4.1.1 Forbairtí Ginearálta

Plean Straitéiseach IADT 2008-2012 – In 2007, leagadh an cúram ar Jane Williams de chuid Ghrúpa Sia chun an próiseas seo a éascú lena raibh comhairleoireacht chuimsitheach i gceist le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon. Ghlac Bord Rialaithe Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire le "Todhchaí a Chruthú", straitéis na hInstitiúide do thréimhse 2008-2012 ar 6 Feabhra 2008. Sheol an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin T.D., an straitéis ar 21 Aibreán 2008. Cuimsíodh sa phlean bearta nua mar aon leis an réimse iomlán de ghníomhaíochtaí laethúla a bhíonn ar siúl laistigh den Institiúid.

4.1.2 Tionscadail

ENGAGE – Tá Scoil Náisiúnta na Scannán ina comhpháirtí le ENGAGE anois, tionscadal comhoibríoch atá maoinithe ag Clár Meán an AE. Tá ENGAGE ceaptha chun cabhrú le mic léinn agus céimithe de chuid chúrsaí scannánaíochta agus teilifíse oibriú lena chéile thar theorainneacha. Roghnaigh Scoil Náisiúnta na Scannán, Acadamh Scáileáin na hAlban (ag Ollscoil Napier i nDún Éideann) agus Scoil Bhaltach na Scannán agus na Meán in Tallinn na hEastóine seisear rannpháirtithe ó gach institiúid, chomh maith le seisear eile ó áiteanna eile san Eoraip freastal ar thrí cheardlann. Bhí an chéad trí cheardlann seo ar siúl in Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire Dé hAoine, 11 Aibreán 2008.

Digital Cre8tor - Tugadh Clár 'Digital Cre8tor', a bhí forbartha ag Cumann Ríomhaireachta na Breataine, isteach i scoileanna agus i suíomhanna foghlama eile trí chomhaontú eisiach idir Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire agus Cumann Ríomhaireachta na Breataine. Tríd an gclár seo, cuirtear rannpháirtithe ar a gcumas réimse scileanna digiteacha cruthaitheacha a fhorbairt, tionscadail chruthaitheacha a chríochnú agus iad a chur isteach ar líne le haghaidh measúnú. Bhí Ciarán McCormack (FÍS) i gceannas ar an tionscadal agus thug Apple tacaíocht fhairsingíoch dó.

EuroCreator – bhí Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire i gceannas ar an tionscadal seo thar an Eoraip, tionscadal a raibh sé mar sprioc aige gach páiste a spreagadh, le tacaíocht óna múinteoirí, píosa meánach a chruthú agus é seo a chur isteach ar líne (trí thairseach a bhí deartha ag Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire) le linn 2009, an Bhliain

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Eorpach um Chruthaitheacht agus Nuáil. Fuair gach duine a bhí páirteach ann teastas digiteach a bhí sínithe ag an gCoimisinéir Jan Figel, an Coimisinéir um Oideachas, Oiliúint, Cultúr agus an Óige Bhí Seó Bóthair EuroCreator ar siúl ag Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire Déardaoin, 12 Márta. Ba é Batt O'Keeffe T.D., an tAire Oideachais agus Eolaíochta, a bhronn na chéad teastais ar rannpháirtithe ag ócáid in Aibreán 2009.

Féile FÍS - Thit an ceathrú Féile Bhliantúil FÍS amach i mí na Samhna 2008. Is ceiliúradh í an Fhéile seo ar chruthaitheacht agus shamhlaíocht leanaí agus múinteoirí i scoileanna na hÉireann. Mar chuid den imeacht bliantúil, cruthaíonn scoileanna ó fud fad na hÉireann réimse leathan gearrscannán, ó bheochaintí go dtí cláir faisnéise agus drámaí oideachasúla. Ansin, tugtar cuireadh do roinnt scoileanna freastal ar Fhéile FÍS - an Searmanas Gradam Scannán do Scoileanna Éireannacha.

Comhaontas Ardoideachais Réigiún Bhaile Átha Cliath - Bhí Comhaontas Ardoideachais Réigiún Bhaile Átha Cliath seolta ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keeffe T.D. ar 14 Bealtaine, 2009. Tá an tionscadal maoinithe faoi SIF2 agus is mór ag Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire go bhfuil sí ina comhpháirtí comhoibríoch. Is comhaontas straitéiseach é Comhaontas Ardoideachais Réigiún Bhaile Átha Cliath den earnáil ardoideachais i Réigiún Bhaile Átha Cliath (lena n-áirítear Coláiste na Tríonóide, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, OÉ Maigh Nuad, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir agus Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta) a cuireadh ar bun chun earnáil ardoideachais an réigiúin a neartú mar chuid tábhachtach d'fhás bhuntáiste iomaíoch Bhaile Átha Cliath i gcomhthéacs na hEorpa agus i gcomhthéacs forbartha náisiúnta ar an iomlán. Baineann Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire leas as an tionscadal ar gach leibhéal agus tá maoiniú agus gníomhaíochtaí ar leith aici faoin téama 'Feabhsú Foghlama'.

Tionscadal dViz/Vizi - In 2009, cuireadh tús le Tionscadal Vizi sa Lárionad Náisiúnta um Thaighde Digiteach, agus Hilary Kenna ina príomhthairneoir d'Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Is ardán ar líne é a éascaíonn sonraí staitistiúla a chur i gcomhthéacs i bhforam trí theicneolaíocht dhinimiciúil léirshamhlaithe a úsáid. Is é bunspríoc an tionscadail seo luach na sonraí a fhíorú trí ardán a chur ar bun a chuirfidh úsáideoirí ar a gcumas sonraí a léirshamhlú, a ionramháil agus a rianú ar bhealach atá bríoch dóibh. Féadtar úsáid a bhaint as an léirshamhlú dinimiciúil sin chun gaolta teagmhasacha a chur faoi chaibidil i gcomhthéacs cinnteoireachta agus ceapadh beartais agus tátail fhianaisebhunaithe a bhaint as ina leith sin. Is comhpháirtíocht é an tionscadal idir an Lárionad Náisiúnta um Thaighde Digiteach, Twelve Horses Teo., Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Córas CAVE – Fuarthas maoiniú de €560,000 ó Fhiontraíocht Éireann, trí Dheontas Infreastruchtúir Taighde, chun córas CAVE a mhaoiniú ag Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Is córas réaltachta fíorúla tumthaí í a thumann úsáideoirí i bhfuaimeanna comhthimpeallacha agus timpeallachtaí grafaice tríthoisí den chéad scoth atá teilgthe ar cheithre bhalla. Baineann an córas úsáid as córas rianaithe gluaisne gan sreang d'fhonn tacú le taighde in: Cibirshíceolaíocht agus Staidéar Cognaíoch, Léirshamhlú agus Idirghníomhú Fíorama, Grafaicí Idirghníomhacha ar ardchaighdeán, agus Fréamhshamhlacha i gcomhar sainréimsí ar nós pleanáil agus na n-amharcealaíon.

Lárionad Pobail na Meán Digiteach - Is tionscnamh de chuid FÍS é seo, atá maoinithe trí Thionscnamh na gCuntas Díomhaoin, agus a bhí seolta ag an Aire Stáit ag an Roinn Sláinte agus Leanaí, Barry Andrews, T.D. ar 18 Bealtaine, 2009.

4.2 Naisc Seachtracha Forbartha

Comhdháil Chruthú na Todhchaí - 29 Deireadh Fómhair, 2008, d'óstáil Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire comhdháil darb ainm 'Ag Cruthú na Todhchaí: Geilleagar Cultúrtha agus Cruthaitheach na hÉireann a Fhorbairt' a bhí ina réamhléiriú don Bhliain Eorpach um Chruthaitheacht agus Nuáil in 2009. Bhí sé mar aidhm ag an gcomhdháil seo lucht ceaptha beartais, cinnteoirí agus ceannairí agus gairmithe na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha a thabhairt le cheile agus béim a leagan ar an bpáirt atá siad ag glacadh, agus a d'fhéadfaidís a ghlacadh i dtreo fás agus gníomhú geilleagrach a fheabhsú in Éirinn.

Polaiteicnic Temasek - Thug grúpa mac léinn ó Pholaiteicnic Temasek, Singeapór, cuairt ar Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire ar feadh 2 seachtaine ó 15 go dtí 29 Meán Fómhair chun obair in éineacht le mic léinn scannánaíochta na hInstitiúide. Thug dara grúpa mac léinn cuairt ar an Institiúid ó 17 go dtí 28 Samhain 2008 agus ghlac siad páirt i dtuilleadh tionscadal comhoibríoch.

Féile FÍS

Thit an ceathrú Féile Bhliantúil FÍS amach ar 19 Samhain, 2008. Is ceiliúradh í an Fhéile seo ar chruthaitheacht agus shamhlaíocht leanaí agus múinteoirí i scoileanna na hÉireann. Mar chuid den imeacht bliantúil, cruthaíonn scoileanna ó fud fad na hÉireann réimse leathan gearrscannán, ó bheochaintí go dtí cláir faisnéise agus drámaí oideachasúla. Ansin, tugtar cuireadh do roinnt scoileanna freastal ar Fhéile FÍS - an Searmanas Gradam Scannán do Scoileanna Éireannacha.

Siompóisiam Filmsense - Dé hAoine, 24 Aibreán, 2009, d'óstáil Scoil Náisiúnta na Scannán agus Scoil Chéimithe na nEalaíon agus na Meán Cruthaitheach 'Filmsense', siompóisiam a bhain le scannán agus oideachas a bhí eagraithe ag an

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Dr. Elaine Sisson agus Donald Taylor Black. Bhí roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta meán ionadaithe ar an bpainéal (Scoil Scannán London, Acadamh Scáileáin na hAlban, agus FAMU i bPrág).

An Caitliceachas agus Cultúr an Phobail in Éirinn, sa Fhrainc, sa Ríocht Aontaithe agus i Meiriceá Thuaidh - D'óstáil Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire an chomhdháil seo ó 17 go dtí 19 Meitheamh 2009, comhurráithe ag Lárionad Staidéar Chultúr an Phobail, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, Ionad Kucera um Smaointeachas Caitliceach ag Coláiste Loras (Iowa) agus an Lárionad Náisiúnta um Staidéar Francach-Éireannach ag Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta. Sa chomhdháil idirdhisciplíneach seo, cuireadh an Eaglais Chaitliceach Rómhánach faoi chaibidil mar institiúid agus i gcomhthéacs na dtíortha thuasluaite, go háirithe sa chomhthéacs Éireannach. I meas na gcainteoirí, bhí James Donnelly (an tOllamh Emeritus le Stair, Ollscoil Wisconsin), an Dr Daryl Jones (Scoil an Bhéarla, Coláiste na Tríonóide), Martin McLoone (an tOllamh le Staidéar na Meán ag Ollscoil Uladh), Patsy McGarry (comhfhreagraí reiligiúin ag The Irish Times), agus Mary Reichardt (an tOllamh le Staidéar agus Litríocht Chaitliceach ag Ollscoil San Tomás).

4.3 Forbairt an Champais

Scoil Náisiúnta 'Oideachas le Chéile' Bhaile na Manach - Bhí meabhrán tuisceana sínithe ag Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire agus ag an Roinn Oideachas agus Eolaíochta i Márta 2006 a scaoil suíomh 2 acra le haghaidh foirgneamh bunscoile Scoil Náisiúnta Bhaile na Manach a thógáil. Mar

chúiteamh ar an suíomh seo, rinne an Roinn Oideachas agus Eolaíochta obair infreastruchtúir ar champas Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, agus rinne sí páirc imeartha uile-aimsire a leagan. Thosaigh an chead ghrúpa daltaí ag freastal ar an scoil i mí na Samhna, 2008.

Scoil Náisiúnta na Scannán - I Márta 2007, chuir an Coiste Forbartha tús le feachtas tiomsaithe airgid agus bailíodh €110,000. Bainfear úsáid as an airgead seo chun trealamh a cheannach i bhfoirgneamh nua Scoil Náisiúnta na Scannán nuair a bheidh sé críochnaithe. Seoladh clár forbartha Scoil Náisiúnta na Scannán ar 12 Bealtaine 2008, agus i mí na Samhna 2008 fuair an Institiúid cead ón Roinn Oideachas agus Eolaíochta an t-iaratas ar chead pleanála le haghaidh Scoil Náisiúnta na Scannán a chur faoi bhráid na n-údarás, rud a bhí ceadaithe i Samhradh 2009.

Páirc Imeartha Uile-aimsire - Ar 25 Márta, 2009, bhí páirc imeartha uile-aimsire na hInstitiúide oscailte go hoifigiúil ag an Uas. Packie Bonner, Stiúrthóir Forbartha Chumann Sacair na hÉireann, agus iarchúl báire fhoireann Phoblacht na hÉireann.

4.4 Bainistíocht Sábháilteachta

Feidhmíonn an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta mar choiste comhairleach don Fhoireann Feidhmiúcháin Bainistíochta maidir le gach gné de shábháilteacht, shláinte agus leas do bhaill foirne, mhic léinn, chuirteoirí agus chonraitheoirí. Réachtáladh cleachtadh dóiteáin ar 28 Samhain, 2008 i ngach foirgneamh ar an gcampas, agus rinneadh iad a aslonnú laistigh de na hamanna seo a leanas:

- An Chearnóg - 7 nóiméad 20 soicind
- An tAitriam - 6 nóiméad 10 soicind
- Foirgneamh na Carraige Léithe - 3 nóiméad

Cuireadh oiliúint ar fáil i Márta 2009 d'fheighlithe maidir le cliabháin ardaithe a oibriú

Cuireadh meitheal oibre ar leith ar bun i Lúnasa 2009 chun paindéim H1N1 a bhainistiú chomh maith le grúpa comhairleach liachta eile.

Sa mhí chéanna, cuireadh prótacal teagmhais chriticiúil i bhfeidhm d'fhonn déileáil le géarchéim a tharla tar éis bás mic léinn amháin agus gortú mic léinn eile i dteagmhas lasmuigh den champas.

Le linn bhliain acadúil 2008/09, cuireadh nósanna imeachta measúnaithe riosca i leith tacú le ball foirne ag iompar clainne chun críche agus cuireadh i bhfeidhm iad. Rinneadh tástáil ghnáthaimh ar gach umar agus foinse uisce le linn na bliana chun a chinntiú go raibh an t-uisce ar chaighdeán cuí agus saor ó Legionella ar aon dul leis na rialacha bainteacha. Rinneadh tástáil ar gach fearas iniompartha i ngach foirgneamh ar an gcampas agus leanfar ar aghaidh leis an tástáil seo ar bhonn bliantúil agus timthriallach amach anseo.

5. Pearsanra

5.1 Líon na mBall Foirne

Tá na figiúirí seo a leanas bunaithe ar Choibhéis Lánaimseartha

	<u>2008/09</u>
Acadúil	126
Taighde	1
Bainistíocht, Riarachán agus Leabharlann	55
Seirbhísí do Mhic Léinn	6
Tacaíocht Theicniúil	13
Tacaíocht Neamhtheicniúil	<u>14</u>
Iomlán	<u>215</u>

5.2 Gnóthachtálacha Foirne

5.2.1 Scoil na nEalaíon Cruthaitheach

Bhí Donald Taylor Black tofa chuig Coiste Gnó GEECT (Groupement Européen des Ecoles de Cinéma et de Télévision), an rannóg Eorpach de CILECT (Centre International de Liaison des Ecoles de Cinéma et de Télévision). Déanann Marc Nicolas, Stiúrthóir 'La Fémis', Scoil Náisiúnta Scannán na Fraince, atá lonnaithe i bPáras, cathaoirleacht ar Choiste Gnó GEECT. I measc na mball eile, tá an Cisteoir, Malte Wadman, Stiúrthóir Scoil Scannán na hIorua; Nik Powell, Stiúrthóir Scoil Náisiúnta na Scannán agus na Teilifíse (an RA); agus Zuzana Tatárová, VSMU, Bratislava sa tSlóvaic. (Samhain 2008)

Bhronn an tAcadamh Ibearnach Ríoga €2,500 ar Mark Joyce mar chuid de Ghradam Iontaobhas Cuimhneacháin Thomas Dammann (Aibreán 2009)

Stiúir Roger Greene an clár faisnéise dar teideal 'Derek Mahon – The Poetry Nonsense' a bhí curtha i láthair ag Fleadh Scannán na Gaillimhe (Iúil 2009).

Stiúir Matt Skinner an clár faisnéise dar teideal 'Circus Born' a bhí curtha i láthair ag Fleadh Scannán na Gaillimhe (Iúil 2009).

Léirigh Donald Taylor Black an clár faisnéise dar teideal 'David Farrell – Elusive Moments' a bhí curtha i láthair don chéad uair riamh ag Féile Scannán Chorcaí i Márta 2009 agus a bhí taispeánta ar RTÉ 1 ina dhiaidh sin ar 10 Lúnasa 2009 mar chuid de sraith RTÉ dar teideal 'The Look of the Irish'.

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Chuir na baill foirne seo a leanas a saothar ar taispeáint le linn bhliain acadúil 2008/2009:

An Dr. Anne Burke, David Smith, Saoirse Higgins, Lynda Devenney, Mark Joyce, Clodagh Emoe, Kathleen Moroney, Paul Gregg

Thug na baill foirne seo a leanas óráidí ag comhdhálacha/siompóisiamáí le linn bhliain acadúil 2007/2008:

Sherra Murphy

- *'The Learned Gentlemen are in Town'* - An Eolaíocht agus an Teicneolaíocht in Éirinn an 19ú hAois, Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath

an Dr. Linda King

- *'Ireland Invites You: Aer Lingus and Tourism Discourse'* – Ard-Mhúsaem na hÉireann, Caisleán an Bharraigh
- *'Come Fly With Me: the visualisation of the Aer Lingus Hostess'* – Ard-Mhúsaem na hÉireann
- *'Saints and Shamrocks: Aer Lingus and the Materialisation of Catholic Religiosity'* – Comhdháil maidir leis an Caitliceachas agus Cultúr an Phobail in Éirinn, sa Fhrainc, sa Ríocht Aontaithe agus i Meiriceá Thuaidh, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire
- *'Aviation Tourism and Advertising: an Irish Experience'* – Scoil Samhraidh Parnell, Cill Mhantáin
- *'Advertising Ireland: Aer Lingus as de Facto Tourism Authority'* – Músaem Náisiúnta Stair na hÉireann, Baile Átha Cliath

Sorcha O'Brien

- *'Photographic Connections: electrical technology in the making in Ireland in the 1920s'* – Comhdháil an Chumainn Dearaidh agus Staire, an Ríocht Aontaithe

Laurence Riddell

- *'New Learning Spaces'* – Comhdháil EdTech, Coláiste Náisiúnta na hÉireann

Hilary Kenna

- *'Rational Experimentation: a critical analysis of Emil Ruder's Typographie and its relevance to screen typography'*, Fóram Dearaidh Ghrafaigh PhD, Londain

An Dr. Anne Burke

- Siompóisiam talún/ealaíne – Tírdhreach agus Taispeántas, Ollscoil Plymouth, an Ríocht Aontaithe
- Siompóisiam Grianghrafadóireachta – Cartlann agus Cuimhne – Ollscoil Roehampton, an Ríocht Aontaithe
- Siompóisiam Grianghrafadóireachta agus Oideachais – Ollscoil Bhruach Theas Londan, an Ríocht Aontaithe

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Foilsíodh foilseacháin de chuid na mball foirne seo a leanas i gcaitheamh bhliain acadúil 2008/09:

An Dr. Anne Burke, Hilary Kenna, an Dr. Linda King, Sorcha O'Brien, David Smith, Anna Colford, an Dr. Maeve Connolly, Sherra Murphy

5.2.2 Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí

I nDeireadh Fómhair 2008, bhuaigh Orla Byrne, Barry McIntyre, John Montayne, Michael Murphy, Conor Heagney agus Audrey Stenson comórtas don 'Phóstaer ab Fhearr' ag Comhdháil an Ghréasáin um Fhoghlaim agus Nuáil. Tugadh 'Cúnamh a thabhairt do Mhic Léinn an Gnó a Dhéanamh; Tionscadail Nuálacha i gCéim Fochéime Gnó' ar an bpóstaer a bhuaigh an comórtas, agus léirigh sé na tionscadail mhicreaghnó i ngach bliain den chéim do mhic léinn atá ag déanamh staidéir ar an bhFiontraíocht.

D'fhreastail na baill foirne seo a leanas ar chomhdháil le linn bhliain acadúil 2008/09:

Therese Moylan

- *'Where is she? Locating Irish Businesswomen in early 20th Century Ireland – Mná Éireannacha: Radacaithe, Poblachtaigh agus Scríobhneoirí, Comhdháil sna Stáit Aontaithe Mheiriceá*

An Dr. Catherine Rossiter

- *'New Ideas for a New Century of Front of House Marketing Staff Training – Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath*
- *'Let Nonverbal Behaviour take its place in Services Marketing – Comhdháil an Acadaimh Mhargaíochta, Leeds, an Ríocht Aontaithe*

An Dr. Cathy McGlynn

- *'In the beginning is the world' – Comhdháil um an gCaitliceachas agus Cultúr an Phobail, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire*

Cormac Deane

- *'The Legal Abyss: The Homa Sacer' – Seimineár Éireannach Iarchéime um Thaighde ar Scannáin, Coláiste na Tríonóide*

An Dr. Díóg O'Connell

- *'Cinema-going practices in 1950s Ireland – Comhdháil Fhoras Pictiúrlainne na hÉireann, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad*

Michael Murphy

- *'Music and Moral Panic in Ireland – Comhdháil Chumann Socheolaíoch na hEorpa, Venice, an Iodáil*
- *'The Catholic Church and Popular Music in Ireland – Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire*

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Sarah Balen

- *'Spirituality in the Poetry of Charles Baudelaire and Peter Sirt'* – Comhdháil AFIS, an Fhrainc
- *'City Spaces and Spirituality in the poetry of Peter Sirt and Fernando Pessoa'* – Comhdháil IASIL, an Phortaingéil
- *'Revolt Against Ennui: Baudelaire, Nietzsche and Heidegger'* – Comhdháil AFIS, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- *'Prayers of Consciousness: Spirituality in the Poetry of Guillaume Apollinaire and Peter Sirt'* – Comhdháil um an gCaitliceachas agus Cultúr an Phobail, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Maria Parsons

- *'Menopausal Vampires and Cosmetic Youth'* – Comhdháil an Chumainn Ghothaigh Idirnáisiúnta, Ollscoil Lancaster, an Ríocht Aontaithe

Stephen Boyd

'Catholicism and Contemporary Irish America in Film' – Comhdháil um an gCaitliceachas agus Cultúr an Phobail, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

An Dr. Carol MacKeogh

- *'Bound Down to Silence by Fear, Modesty and Education'* – Ollscoil Aarhus, an Danmhairg

Kerry McCall

- *'A Consideration of Transformational Leadership at Sculpture in the Parklands, Lough Boora, Co. Offaly'* – Comhdháil Kufstein um Spórt agus Chultúr: Bainistíocht Inbhuanaithe Imeachtaí, an Ostair

Foilsíodh foilseacháin de chuid na mball foirne seo a leanas i gcaitheamh bhliain acadúil 2008/09:

An Dr. Josephine Browne, an Dr. Paula Gilligan, an Dr. Díóg O'Connell, Selina Guinness, Cormac Deane, Michael Murphy, Stephen Boyd, Conor Heagney

5.2.3 Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

D'fhreastail na baill foirne seo a leanas ar chomhdhálacha le linn bhliain acadúil 2008/09:

Andrew Power

- *'Control of Identity'* – an Chomhdháil Smachta, Ollscoil Caerdydd, an Bhreatain Bheag
- *'The Online Public'* – Collóicium Dochtúireacht: an Pobal sa Dlí, Ollscoil Ghlaschú, Albain
- *'Law and the Cybercitizer'* – An Dlí a Athsmaoineamh, Collóicium do Mhic Léinn Dlí i gColáiste na Tríonóide

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

An Dr. Marion Palmer

- *'Teaching in Institutes of Technology – the lecturers' perspective'* – Comhdháil AISHE, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad
- *'Exploring wikis through an assessment task – reflections and resistance from practice'* – comhláithreoireacht le Hannah Barton agus Grainne Kirwan, Comhdháil EdTech, Coláiste Náisiúnta na hÉireann
- *'Tacoma Narrows Bridge – an iconic film in Physics Education'* – Siompóisiam Filmsense, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire
- *'Exploring Technology in Learning'* – comhpháipéar leis an Dr. Grainne Kirwan, Comhdháil Fháilte Éireann, Baile Átha Cliath
- *'Creating Futures – working at the convergence of arts, technology and enterprise at IADT'* – Comhdháil Náisiúnta Líonraithe HEAnet, Cill Chainnigh
- *'Exploring Teaching in Institutes of Technology'* – Comhdháil an Ghréasáin um Fhoghlaim agus Nuáil, Baile Átha Luain

Hannah Barton

- *'Altruism – How doing good can be a learning experience'* – an Chomhdháil Dhomhanda sa tSíceolaíocht Dhearfach, Cathair Pheadair, an Rúis.
- *'Exploring wikis through an assessment task – reflections and resistance from practice'* – comhláithreoireacht leis an Dr. Marion Palmer agus Grainne Kirwan, Comhdháil EdTech, Coláiste Náisiúnta na hÉireann

an Dr. Irene Connolly

- *'Cyberbullying: a new dimension to an old problem'* – 38ú Comhdháil Bhliantúil Chumann Síceolaithe na hÉireann, an Tulach, Co. Cheatharlach
- *'A Longitudinal Study of Victimization Across the Lifespan'* (póstaer) – 38ú Comhdháil Bhliantúil Chumann Síceolaithe na hÉireann, an Tulach, Co. Cheatharlach

Olivia Hurley

- *'Teaching ethics and research skills using proposal writing exercises'* – 38ú Comhdháil Bhliantúil Chumann Síceolaithe na hÉireann, an Tulach, Co. Cheatharlach
- *'E-learning in an elite sports setting', 'A Study of Flow States'* agus *'A Study Examining the use of e-learning tools compare to a more traditional method of teaching in a college setting'* (póstaer) – Comhdháil Chumann Síceolaithe na hÉireann 2008, Ceatharlach

An Dr. Gráinne Kirwan

- *'Juror behaviour in hacker trials'* – an Chomhdháil Cibearspáis, Poblacht na Seice
- *'The importance and dangers of adolescent online identity formation'* – Comhdháil na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (Éire), Gaillimh

Ciarán McMahon

- *'Aquinas, pray and attention: suffusion of theology with literary practices'* – Comhdháil Bhliantúil an Chumann Eorpaigh um Stair na nEolaíochtaí Daonna, Búdaipeist, an Ungáir

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Sivakumar Ramachandran

- *'Assessment of multi-disciplinary teams in an external, client let environment'* (láithreoireacht póstaer) – Siompóisiam CELT, Gaillimh

Rupert Westrup

- *'Usability of the Amazon Kindle for Older Users'* – an 3ú Comhdháil Bhliantúil um Idirghníomhaíocht Daoine le Ríomhairí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Foilsíodh foilseacháin de chuid na mball foirne seo a leanas i gcaitheamh bhliain acadúil 2008/09:

An Dr. Christine Horn, Olivia Hurley, Ciarán McMahon, Rupert Westrup

5.2.4 An Chuid Eile den Institiúid

Gradam Gréasáin na hÉireann 2008 - bhuaigh Ciarán McCormack agus foireann FÍS an gradam don 'Suíomh Idirlín Oideachasúil' ab fhearr ag Gradam Gréasáin na hÉireann 2008 dár suíomh Idirlín 'Club Leabhar FÍS' ar 11 Deireadh Fómhair 2008. Is suíomh Idirlín nuálach agus samhlaíoch é an Club Leabhar atá ceaptha d'fhonn leanaí a spreagadh chun leabhair a léamh, léirmheas a chumadh orthu, agus a smaointe maidir leo a roinnt trí fhísléirmheas a phostáil ar thimpeallacht shlán agus shlándáil an Chlub Leabhar. Tá an suíomh Idirlín seo faoi rialú múinteoirí agus feidhmíonn sé in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

'Fishing for Change' - seoladh díolaim scríbhneoireachta cruthaithí de chuid Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, eagraithe ag Katie Donovan, in The Purty Loft, Baile na Manach, Dé Máirt 18 Samhain 2008

6. Tuarascálacha Airgeadais

6.1 Tuarascáil Airgeadais 2008/2009

Ghlac an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste leis na cuntais iniúchta gan choinníoll ar 8 Aibreán, 2011.

Leagtar *Leagan Giorraithe* de na Ráitis Airgeadais amach in Aguisín A.I.

7. Comhionannas Deiseanna

Is fostóir agus soláthróir oideachais comhionannas deiseanna í Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Ní dhéanann sí leithcheal ar bhaill foirne ná ar mhic léinn ar chor ar bith ar bhonn inscne, aoise, cine, creidimh, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, míchumais ná ballraíocht den Lucht Siúil. Tá sí tiomanta do bhacainní ar an oideachas a dhíbirt agus do thús a chur le gníomhaíocht dhearfach d'fhonn deiseanna a chruthú agus a fhairsingiú ar bhonn cuimsitheach.

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Aguisín A.I

Leagan Giorraithe de na Ráitis Airgeadais 2008/2009

An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

	<u>Bliain dar Críoch</u>	<u>Bliain dar Críoch</u>
	<u>31 Lúnasa 2009</u>	<u>31 Lúnasa 2008</u>
	€	€
IONCAM		
Deontas ón Stát	10,902,222	10,864,132
Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha	1,733,069	1,552,213
Táillí Teagaisc	4,825,997	4,155,276
Táille Cláraithe Mac Léinn	1,559,056	1,298,947
Deontais agus Conarthaí Taighde	907,409	562,114
Ioncam ó Ús	240,802	173,489
Ioncam aitheanta ó Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn	214,412	251,225
Ioncam Eile	<u>1,275,399</u>	<u>1,291,186</u>
	<u>21,658,366</u>	<u>20,148,582</u>
CAITEACHAS		
Ranna Acadúla	9,891,454	9,774,843
Seirbhísí Acadúla	488,821	544,983
Costais Saoráidí	1,612,827	1,839,102
Riarachán Lárnach agus Seirbhísí TFC	4,382,734	4,525,474
Costais Ghinearálta Oideachasúla	350,287	372,340
Seirbhísí maoinithe ag an Táille Cláraithe Mac Léinn	856,182	609,188
Deontais agus Conarthaí Taighde	772,894	400,733
Ioncam feidhmithe ó Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn	175,253	135,110
Dímheas	<u>1,733,069</u>	<u>1,552,213</u>
	<u>20,263,521</u>	<u>19,753,986</u>
BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN	1,394,845	394,596
LEITHROINNTE AR AN gCÚLCHISTE TEORANTA	(79,391)	(214,902)
BARRACHAS CARNACH AMHAIL AR 1 MEÁN FÓMHAIR	<u>3,466,128</u>	<u>3,286,434</u>
BARRACHAS CARNACH AMHAIL AR 31 LÚNASA	<u>4,781,582</u>	<u>3,466,128</u>

Níl aon sochar ná dochar aitheanta ann seachas a bhfuil luaite sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Tá an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 25 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird Rialaithe:

David Harvey: Cathaoirleach

Jim Devine: Stiúrthóir

An Clár Comhardaithe (Ráitis Airgeadais 2008/2009)

	<u>2009</u> €	<u>2008</u> €
SÓCMHAINNÍ SEASTA		
Sócmhainní inláimhsithe	<u>35,671,923</u>	<u>34,782,303</u>
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	1,817,034	1,941,532
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh	<u>6,173,345</u>	<u>3,984,006</u>
	7,990,379	5,925,538
DLITEANAIS CREIDIÚNAITHE		
Creidiúnaithe agus Caiteachais Fhabhráithe		
- Suimeanna a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin	<u>(1,978,533)</u>	<u>(1,305,034)</u>
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA	<u>6,011,846</u>	<u>4,620,504</u>
GLANSÓCMHAINNÍ	<u>41,683,769</u>	<u>39,402,807</u>
LÉIRITHE AG:		
Deontais Chaipitil Iarchurtha	35,671,923	34,782,303
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	4,781,582	3,466,128
Cúlchiste Teoranta	<u>1,230,264</u>	<u>1,154,376</u>
	<u>41,683,769</u>	<u>39,402,807</u>

Tá an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 25 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird Rialaithe:

David Harvey: Cathaoirleach

Jim Devine: Stiúrthóir

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

An Ráiteas Sreabhadh Airgid (Ráitis Airgeadais 2008/2009)

	<u>Bliain dar Críoch</u> <u>31 Lúnasa 2009</u>	<u>Bliain dar Críoch</u> <u>31 Lúnasa 2008</u>
Réiteach barrachais oibriúcháin agus glan-insreabhadh airgid de thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
	€	€
Barrachas Oibriúcháin	1,394,845	394,596
Ioncam ó Ús	(240,802)	(139,486)
Dímheas	1,733,069	1,552,213
Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní	(1,733,069)	(1,552,213)
Laghdú ar Fhéichiúnaithe	124,498	50,758
Méadú/(Laghdú) ar Chreidiúnaithe	673,499	(59,178)
Aistriú Caipitil ón gCúlchiste Teoranta	<u>(3,503)</u>	<u>(14,842)</u>
Glan-insreabhadh airgid de thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<u>1,948,537</u>	<u>231,848</u>
<hr/>		
AN RÁITEAS SREABHADH AIRGID	<hr/>	<hr/>
Glan-insreabhadh airgid de thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<u>1,948,537</u>	<u>231,848</u>
Torthaí ar Infheistíochtaí agus ar Sheirbhísíú Airgeadais		
Ús faighte	240,802	139,486
Caiteachas Caipitiúil		
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil	<u>(2,622,689)</u>	<u>(1,754,077)</u>
Glan-eis-sreabhadh Airgid ó Chaiteachas Caipitiúil	<u>(2,622,689)</u>	<u>(1,754,077)</u>
Maoiniú		
Deontais Caipitil Stáit a caitheadh ar Shócmhainní Seasta	1,976,858	146,862
Deontais Athfhillteacha Stáit a caitheadh ar Shócmhainní Seasta	599,619	1,578,198
Airgead eile a caitheadh ar Shócmhainní Seasta	<u>4,6212</u>	<u>29,017</u>
Glan-insreabhadh airgid de thoradh ar Mhaoiniú	<u>2,622,689</u>	<u>1,754,077</u>
Méadú ar Airgead Tirim	<u>2,189,339</u>	<u>371,344</u>
<hr/>		
Réiteach an Mhéadaithe ar Airgead agus an Athraithe ar Ghlanchistí		
Glanchistí amhail ar 1 Meán Fómhair	3,984,006	3,612,672
Glanchistí amhail ar 31 Lúnasa	<u>6,173,345</u>	<u>3,984,006</u>
	<u>2,189,339</u>	<u>371,334</u>

Arna shíniú thar ceann an Bhoird Rialaithe:

David Harvey: Cathaoirleach

Jim Devine: Stiúrthóir